Maoiniú an Státchiste faoin Reachtaíocht um an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte

Sa bhliain 2020

Tuarascáil leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le hAlt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú ag an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2 D02 W773

Guthán: (01) 6395666
Ríomhphost: sipo@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Meán Fómhair 2021

Clár Ábhar

Brollach 3
Caibidil 1: Réamhrá 4
Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a sholáthair ceannairí páirtí agus baill neamhspleácha 5
Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta i rith 2020 7
Aguisín: Sonraí faoi mhaoiniú agus caiteachas 8

Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le hAlt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú ag an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014 Cuireadh na ráitis chaiteachais agus tuarascálacha na n-iniúchóirí poiblí maidir leis an mbliain 2020 a dtagraítear dóibh sa tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun ailt 10B(1) agus 10B(6) den Acht.

_____

Garrett Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meán Fómhair 2021

Caibidil 1: Réamhrá

Íoctar liúntais le ceannairí na bpáirtithe parlaiminteacha maidir le costais a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminteacha na bpáirtithe. ar cheannairí páirtí ráitis bhliantúla ar chaiteachas do na liúntais seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún).

Íoctar na liúntais seo le baill neamhspleácha Dháil Éireann agus Sheanad Éireann freisin agus ceanglaítear orthu ráitis a sholáthar.

Tugtar “an liúntas gníomhaíochtaí parlaiminte” (an LGP) sa ghnáthchaint ar an liúntas.

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar pháirtí cáilitheach ná páirtí polaitíochta, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuaigh san iomaíocht san olltoghchán deireanach roimhe seo nó in aon chorrthoghchán ina dhiaidh sin agus inar toghadh ar a laghad ball amháin den pháirtí sin le Dáil Éireann nó inar ainmníodh nó inar toghadh ar a laghad ball amháin den pháirtí sin le Seanad Éireann.

Baineann an tuarascáil seo le ráitis chaiteachais an liúntais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020 a chuir ceannairí parlaiminteacha naoi bpáirtí polaitíochta, seisear dhéag Seanadóirí neamhspleácha (seachtar n-iar-Sheanadóirí ina measc) agus fiche a seacht TD neamhspleách (ochtar n-iar-TD ina measc) ar íocadh an liúntas leo in 2020, faoi bhráid an Choimisiúin.

Nuair atá páirtí cáilitheach mar chuid den Rialtas, laghdaítear na comhliúntais maidir lena bhaill de Dháil Éireann (agus na baill sin amháin) an tríú cuid.

Níl ról ag an gCoimisiún chun an liúntas seo a leithdháileadh, ach tá ról maoirseachta aige maidir leis an liúntas a chaitheamh. Faigheann sé ráitis chaiteachais an liúntais, déanann sé athbhreithniú orthu i dtaobh comhlíonta agus téann sé i gcomhairle, faoi mar is gá, leis na ceannairí páirtí pharlaimintigh/na baill neamhspleácha nuair a thagann ceisteanna aníos. Caithfidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na ráitis agus cóip dá thuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ní foláir dó freisin cigireacht agus cóipeáil na ráiteas a éascú nuair a iarrtar sin.

Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a sholáthair ceannairí páirtí agus baill neamhspleácha

Cúlra

Foráiltear san Acht go gcaithfidh ceannairí páirtí pharlaimintigh ráiteas ar aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara go ndéantar an ráiteas sin a ullmhú. Caithfear é seo a dhéanamh tráth nach faide ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh liúntas. Caithfidh iniúchóir poiblí an ráiteas a iniúchadh agus caithfear é a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i dteannta thuarascáil an iniúchóra, laistigh den tréimhse 120 lá seo. Cuirtear stop leis an liúntas a íoc mura bhfaightear an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra do bhliain an chuntais laistigh de 120 lá roimh dheireadh na bliana.

Ba é an spriocdháta chun tuairisceáin a fháil maidir le tréimhse thuairiscithe 2020 an 30 Aibreán 2021.

Bhí ar cheannairí na naoi bpáirtí polaitíochta seo a leanas ráiteas a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le 2020:

- Aontú
- Fianna Fáil
- Fine Gael
- An Comhaontas Glas
- Independents 4 Change
- Páirtí an Lucht Oibre
- Sinn Féin
- Na Daonlathaigh Shóisialta
- Dlúthpháirtíocht/Daoine Roimh Bhrabús

Anuas air sin, bhí ar sheisear Seanadóirí Neamhspleácha dhéag agus fiche a seacht TD neamhspleách ráiteas a chur faoi bhráid an Choimisiúin don bhliain 2020.

I gcomhréir leis an Acht, ní féidir an maoiniú a fhaightear a chur chun feidhme nó a úsáid chun costais toghcháin nó reifrinn a íoc nó a fhorchúiteamh. Iarrann an Coimisiún go luann ceannairí agus baill neamhspleácha de pháirtí parlaiminteach ar a ráiteas caiteachais nár úsáideadh an liúntas ar mhaithe le cuspóirí toghcháin nó reifrinn.

Caithfidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí a fuair sé a thugann an méid seo a leanas le fios:

(i) cibé acu ar seoladh nó nár seoladh na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí ar aghaidh faoin teorainn ama a shonraítear,

(ii) cibé acu an nochtar nó nach nochtar aon chaiteachas a úsáideadh chun costais toghcháin nó reifrinn a fhorchúiteamh, agus

(iii) cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na ráitis Ailt 10 (e.g. arna íoc i gcomhréir leis na rátaí cearta, etc.) agus 10B (soláthraíodh ráiteas caiteachais, etc.) den Acht.

Bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil, tá an Coimisiún sásta nach bhfuil aon fhianaise ann nár comhlíonadh na forálacha thuas.

Tá ar an gCoimisiún cóip a sholáthar dá thuarascáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chun í a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Caithfidh an Coimisiún cóip de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí a fuarthas a choimeád agus caithfear iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus le cóipeanna a dhéanamh díobh ag oifigí an Choimisiúin.

I gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do ghlaoiteoirí. Ní féidir, ar an ábhar sin, cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh i bpearsan. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil i ndiaidh iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch ar (01) 639-5666.

Tá na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí ar fáil freisin ag www.sipo.ie.

Cuirtear na sonraí seo a leanas ar fáil san Aguisín leis an tuarascáil seo don bhliain 2020:

- Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 1 faoi mhaoiniú a cuireadh ar fáil do Cheannairí Parlaiminteacha páirtithe polaitíochta cáilithe
- Léirítear i dTábla 2 miondealú de réir catagóire agus de réir páirtí polaitíochta ar chaiteachas
- Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 3 faoi mhaoiniú a cuireadh ar fáil do TDanna
- Léirítear i dTábla 4 miondealú ar chaiteachas de réir catagóire agus TD neamhspleách
- Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 5 faoi mhaoiniú a cuireadh ar fáil do Sheanadóirí neamhspleácha, agus
- Léirítear i dTábla 6 miondealú ar chaiteachas de réir catagóire agus Seanadóir neamhspleách.

Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta i rith 2020

Íocann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le ceannairí páirtí pharlaimintigh agus le baill thofa neamhpháirtí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann.

Seo a leanas na liúntais bhliantúla a bhí iníoctha I 2020 le ceannairí páirtí pharlaimintigh maidir le baill de Dháil Éireann –

Páirtithe rialtais –

- €42,912 do gach duine de na chéad 10 mball a thoghtar,
- €34,329 do gach ball tofa sa bhreis ó 11 go 30 ball, agus
- €17,169 do gach ball tofa os cionn 30 ball.

Páirtithe neamhrialtais –

- €64,368 do gach duine de na chéad 10 mball a thoghtar,
- €51,493 do gach ball tofa sa bhreis ó 11 go 30 ball, agus
- €25,754 do gach ball tofa os cionn 30 ball.

Ba é an liúntas bliantúil a bhí iníoctha le ceannairí páirtí pharlaimintigh maidir le baill den Seanad –

- €42,089 do gach duine de na chéad chúigear bhall a thoghtar nó a ainmnítear, agus
- €21,045 do gach ball breise a thoghtar nó a ainmnítear.

Íocadh liúntas bliantúil €37,037 le gach ball neamhpháirtí tofa de Dháil Éireann agus íocadh liúntas bliantúil €21,045 le baill thofa nó ainmnithe neamhpháirtí de Sheanad Éireann.

Ba é an maoiniú iomlán a bronnadh in 2020 ar cheannairí na naonúr páirtithe cáilitheacha €7,564,034.

Ba é an méid maoiniú a cuireadh ar fáil do bhaill neamhpháirtí na Dála €667,351.

Ba é an méid maoiniú a cuireadh ar fáil do bhaill neamhpháirtí an tSeanaid €220,482.

Aguisín: Sonraí faoi mhaoiniú agus caiteachas

***Nóta: d'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú. mhaoiniú* a cuireadh ar fáil do Cheannairí Parlaiminteacha páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2020**

Páirtithe Polaitíochta	Iomlán a fuarthas do 2019 €	Tugtha anonn ó 2018 €	Iomlán ar fáil do 2019 €	Caiteachas iomlán 2019 €	Iarmhéid tugtha anonn go dtí 2020 €
Aontú	58,401	—	58,401	29,699	**28,702**
Fianna Fáil	1,964,369	—	1,964,369	1,964,369	—
Fine Gael	1,591,241	191,845	1,783,086	1,420,126	**362,960**
An Comhaontas Glas	677,300	179,871	857,171	608,799	**248,372**
Independents 4 Change	86,609	34,373	120,982	80,336	**40,646**
Páirtí an Lucht Oibre	560,434	808,605	1,369,039	655,443	**713,596**
Sinn Féin	1,953,110	229,258	2,182,368	1,330,374	**851,994**
Na Daonlathaigh Shóisialta	360,461	79,127	439,588	233,660	**205,928**
Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús	312,111	129,474	441,585	248,392	**193,193**
Iomlán	**7,564,036**	**1,652,553**	**9,216,589**	**6,571,198**	**2,645,391**

Tábla 2 – Miondealú de réir catagóire agus de réir páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais in 2020

Catagóir	Aontú	Fianna Fáil	Fine Gael	An Comhaontas Glas	Independents 4 Change	Páirtí an Lucht Oibre	Sinn Féin	Na Daonlathaigh Shóisialta	Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
a	—	1,878,330	115,391	30,523	28,263	653,763	1,242,884	220,913	15,856	**4,185,923**
b	9,000	—	—	—	—	—	—	—	—	**9,000**
c	—	2,978	88,303	—	5,127	—	—	—	—	**96,408**
d	725	—	6,020	38,901	—	1,680	6,736	2,754	—	**56,816**
e	500	52,866	56,823	—	38,359	—	—	9,993	—	**158,541**
f	—	—	—	—	—	—	53,004	—	—	**53,004**
g	—	—	1,153,589	539,375	—	—	27,750	—	—	**1,720,714**
h	—	14,423	—	—	3,000	—	—	—	—	**17,423**
i	19,474	—	—	—	—	—	—	—	232,436	**251,910**
j	—	15,772	—	—	5,587	—	—	—	100	**21,459**
k	—	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Iomlán	**29,699**	**1,964,369**	**1,420,126**	**608,799**	**80,336**	**655,443**	**1,330,374**	**233,660**	**248,392**	**6,571,198**

Catagóirí caiteachais

(a) riarachán ginearálta gníomhaíochtaí parlaiminteacha páirtí cháilithigh;

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóchúil go dteastóidh sé maidir le tograí reachtaíochta nó le tionscnaimh fhéidearthaí pharlaiminteacha;

(c) taighde agus oiliúint;

(d) ceapadh beartais;

(e) seirbhísí sainchomhairleora a sholáthar, seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú san áireamh;

(f) vótáil nó meon an phobail a shampláil maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;

(g) seirbhísí tacaíochta a cheannach do pháirtí parlaiminteacha ón bpáirtí;

(h) aon tuarastal nó airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach maidir le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar an gceannaire sin, seachas dualgais siúd bhaill de Dháil Éireann nó sealbhóir oifig Aire;

(i) aon tuarastal nó airgead oinigh a íoc le duine eile maidir le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine eile i bpáirtí parlaiminteach;

(j) an soláthar do, nó aisíocaíocht as, caiteachas iompair agus pearsanta a thabhaigh ceannaire parlaiminteach, oifigigh nó urlabhraí páirtí pharlaimintigh mar thoradh ar fheidhm a bpáirtí pharlaimintigh;

(k) siamsaíocht.

Tábla 3 – Sonraí faoi mhaoiniú a bhí ar fáil do TDanna neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2020

Ainm an TD	Iomlán a fuarthas do 2020 €	Tugtha anonn ó 2019 €	Iomlán ar fáil do 2020 €	Caiteachas iomlán 2020 €	Iarmhéid tugtha anonn go dtí 2021 €
Berry, Cathal	33,604	—	33,604	25,595	**8,009**
Canney, Seán	35,532	39,271	74,803	30,024	**44,779**
Collins, Michael	35,532	—	35,532	31,897	**3,635**
Connolly, Catherine	35,532	50,829	86,361	35,431	**50,930**
Fitzmaurice, Michael	35,532	27,578	63,110	19,274	**43,836**
Fitzpatrick, Peter	33,604	—	33,604	30,300	**3,304**
Grealish, Noel	35,532	56,780	92,312	9,651	**82,661**
Halligan, John *	1,928	1,277	3,205	2,632	**573**
Harkin, Marian	33,604	—	33,604	32,411	**1,193**
Harty, Michael *	1,928	64,975	66,903	1,400	**65,503**
Healy, Seamus *	—	20,311	20,311	—	**20,311**
Healy Rae, Danny	35,532	5,544	41,076	38,684	**2,392**
Healy Rae, Michael	35,532	13,912	49,444	41,917	**7,527**
Lowry, Michael	35,532	12,478	48,010	15,129	**32,881**
McGrath, Finian*	1,928	21,112	23,040	7,885	**15,155**
McGrath, Mattie	35,532	67,147	102,679	33,630	**69,049**
McNamara, Michael	27,778	—	27,778	26,059	**1,719**
Moran, Kevin*	1,928	4,900	6,828	6,828	—
Murphy, Verona	33,604	—	33,604	21,868	**11,736**
Naughten, Denis	35,532	81,953	117,485	10,062	**107,422**
Nolan, Carol	33,604	—	33,604	7,205	—
O'Donoghue, Richard	33,604	—	33,604	12,994	**20,610**
O'Sullivan, Maureen*	1,928	27,355	29,283	10,278	**19,005**
Pringle, Thomas	35,532	2,657	38,189	33,691	**4,498**
Ross, Shane*	1,928	72,854	74,782	1,215	**73,567**
Shanahan, Matt	33,604	—	33,604	10,224	**23,380**
Zappone, Katherine*	1,928	18,498	20,426	—	—
Iomlán	**667,354**	**589,431**	**1,256,785**	**496,284**	**713,675**

*scoireadh de bheith mar bhall in 2020 – tuairisciú don tréimhse ábhartha 2020

Nótaí: D'aisíoc na hiar-TDanna thíos na suimeanna seo a leanas leis an Roinn Airgeadais:

Katherine Zappone - €20,426.31
John Halligan - €573.00
Michael Harty €65,503.15
Séamus Healy - €20,310.76
Finian McGrath - €15,555
Maureen O'Sullivan - €19,005.95
Shane Ross - €71,639.44

Anuas air sin, d'aisíoc an Teachta Dála Carol Nolan €26,399.03 don iarmhéid a thug sí anonn leis an Roinn Airgeadais.

Tábla 4 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2020 ag gach TD neamhspleách

Catagóir	a €	b €	c €	d €	e €	f €	Iomlán
Berry, Cathal	246	13,262	1,053	11,034	__	__	**25,595**
Canney, Seán	__	14,825	453	14,746	__	__	**30,024**
Collins, Michael	5,959	1,309	12,329	5,500	6,800	__	**31,897**
Connolly, Catherine	3,441	29,040	2,950	__	__	__	**35,431**
Fitzmaurice, Michael	3,441	10,005	__	5,828	__	__	**19,274**
Fitzpatrick, Peter	__	25,500	4,800	__	__	__	**30,300**
Grealish, Noel	246	__	2,405	7,000	__	__	**9,651**
Halligan, John *	1,300	245	300	492	245	50	**2,632**
Harkin, Marian	3,411	__	11,000	18,000	__	__	**32,411**
Harty, Michael *	__	__	__	1,400	__	__	**1,400**
Healy, Seamus *	__	__	__	__	__	__	__
Healy Rae, Danny	__	15,700	22,149	615	__	220	**38,684**
Healy Rae, Michael	__	39,868	__	1,055	__	994	**41,917**
Lowry, Michael	__	1,100	__	14,029	__	__	**15,129**
McGrath, Finian*	5,406	__	__	2,479	__	__	**7,885**
McGrath, Mattie	1,853	27,450	3,577	750	__	__	**33,630**
McNamara, Michael	__	__	__	26,059	__	__	**26,059**
Moran, Kevin*	__	5,460	__	768	600	__	**6,828**
Murphy, Verona	13,008	__	__	8,860	__	__	**21,868**
Naughten, Denis	1,334	288	2,250	6,190	__	__	**10,062**
Nolan, Carol	__	7,205	__	__	__	__	**7,205**
O'Donoghue, Richard	7,828	4,637	222	__	57	250	**12,994**
O'Sullivan, Maureen*	5,730	3,760	680	__	__	108	**10,278**
Pringle, Thomas	4,642	15,782	13,267	__	__	__	**33,691**
Ross, Shane*	__	600	__	615	__	__	**1,215**
Shanahan, Matt	5,608	__	2,625	154	1,000	837	**10,224**
Zappone, Katherine*	__	__	__	__	__	__	__

*scoireadh de bheith mar bhall in 2020 – tuairisciú don tréimhse ábhartha 2020

Catagóirí caiteachais

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóchúil go dteastóidh sé maidir le tograí reachtaíochta nó le tionscnaimh fhéideartha pharlaiminteacha;

(b) taighde agus oiliúint;

(c) ceapadh beartais;

(d) seirbhísí sainchomhairleora a sholáthar, seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú san áireamh;

(e) vótáil nó meon an phobail a shampláil maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha; agus

(f) siamsaíocht.

Tábla 5 – Sonraí faoi mhaoiniú a bhí ar fáil do bhaill neamhspleácha an tSeanaid faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2020

Ainm an tSeanadóra	Iomlán a fuarthas do 2020 €	Tugtha anonn ó 2019 €	Iomlán ar fáil do 2020 €	Caiteachas iomlán 2020 €	Iarmhéid tugtha anonn go dtí 2021 €
Black, Frances	21,045	12,567	33,612	4,025	**29,587**
Boyhan, Victor	21,045	36,321	57,366	7,208	**50,158**
Craughwell, Gerard	21,045	18,956	40,001	18,809	**21,192**
Dolan, John	5,180	21,030	26,210	8,550	**17,660**
Freeman, Joan	5,180	17,590	22,770	17,937	**4,833**
Higgins, Alice Mary	21,045	16,905	37,950	24,698	**13,252**
Kelleher, Collette	5,180	2,081	7,261	1,173	**6,088**
Keogan, Sharon	15,865	—	15,865	3,960	**11,905**
Lawless, Billy	5,180	3,024	8,204	4,920	**3,284**
Marshall, Ian	5,180	30,551	35,731	21,525	**14,206**
McDowell, Michael	21,045	20,998	42,043	6,016	**36,027**
Mullen, Ronan	21,045	—	21,045	21,045	—
Norris, David	21,045	29,060	50,105	12,161	**37,944**
Ó Ceidigh, Pádraig	5,180	29,711	34,891	12,087	**22,804**
O'Donnell, Marie Louise	5,180	29,533	34,713	4,693	**30,020**
Ruane, Lynn	21,045	36	21,081	20,448	**633**
Iomlán	**220,485**	**268,363**	**488,848**	**189,255**	**299,593**

*scoireadh de bheith mar bhall in 2020 – tuairisciú don tréimhse ábhartha 2020

Nótaí: D'aisíoc na hiar-Sheanadóirí thíos na suimeanna seo a leanas leis an Roinn Airgeadais:

John Dolan - €17,658.83
Marie Louise O'Donnell - €30,019.57
Joan Freeman - €4,832.61
Colette Kelleher - €6,087.87
Billy Lawless - €3,283.80
Ian Marshall - €14,206.01
Pádraig Ó Céidigh - €22,802.99

Tábla 6 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2020 a sholáthair gach ball neamhspleách den Seanad

Catagóir	a €	b €	c €	d €	e €	f €	Iomlán
Black, Frances	457	—	3,568	—	—	—	**4,025**
Boyhan, Victor	800	—	5,296	1,112	—	—	**7,208**
Craughwell, Gerard	2,153	180	5,050	11,363	—	63	**18,809**
Dolan, John	954	—	1,102	6,429	—	65	**8,550**
Freeman, Joan	14,040	150	2,167	1,580	—	—	**17,937**
Higgins, Alice Mary	8,009	6,271	5,616	4,400	—	402	**24,698**
Kelleher, Collette	—	—	312	861	—	—	**1,173**
Keogan, Sharon	1,163	1,522	476	799	—	—	**3,960**
Lawless, Billy	861	—	—	4,059	—	—	**4,920**
Marshall, Ian	—	3,548	206	17,771	—	—	**21,525**
McDowell, Michael	4,507	—	1,078	431	—	—	**6,016**
Mullen, Ronan	1,408	16,862	2,637	—	—	138	**21,045**
Norris, David	—	—	—	12,161	—	—	**12,161**
Ó Ceidigh, Pádraig	3,395	4,619	—	4,004	—	69	**12,087**
O'Donnell, Marie Louise	—	86	254	4,182	—	171	**4,693**
Ruane, Lynn	29	12,705	7,134	430	—	150	**20,448**
Iomlán	**37,776**	**42,395**	**34,690**	**51,811**	—	**1,058**	**155,643**

*scoireadh de bheith mar bhall in 2020 – tuairisciú don tréimhse ábhartha 2020

Catagóirí caiteachais

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóchúil go dteastóidh sé maidir le tograí reachtaíochta nó le tionscnaimh fhéideartha pharlaiminteacha;

(b) taighde agus oiliúint;

(c) ceapadh beartais;

(d) seirbhísí sainchomhairleora a sholáthar, seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú san áireamh;

(e) vótáil nó meon an phobail a shampláil maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;

(f) siamsaíocht.